Parlaimint na hEorpa
2024 - 2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

SN 2024/2051(INI)

9.4. 2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Buiséid

ar bhuiséad fadtéarmach athchóirithe don Aontas i ndomhan atá ag athrú
(2024/2051(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Alexandra Geese

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne in iúl don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
– ag féachaint d'Airteagail 311, 312, 323 agus 324 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),	– ag féachaint d'Airteagail ***8, 208,*** 311, 312, 323 agus 324 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint d'Airteagail 2, 3, 6, 14, 17 agus 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint d'Airteagail 3, 21, 23 agus 34 den Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ar neamh-idirdhealú, comhionannas agus slándáil shóisialta,

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014[1a],
	[1a] IO L 156, 5.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/692/oj.

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014[1a],
	[1a] IO L 107, 26.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/522/oj.

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (Rialachán na bhForálacha Coiteanna)[1a], go háirithe Airteagal 9 de maidir le prionsabail chothrománacha agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis maidir le coinníollacha cumasúcháin cothrománacha – Airteagal 15(1), maidir le, go háirithe, urraim do chearta bunúsacha agus comhlíontacht le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,
	[1a] IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj.

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) de chuid na Náisiún Aontaithe,

Leasú 8

Tairiscint i gcomhair rúin

Lua 1 g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt a síníodh an 7 Meitheamh 2017 lena gcuirtear ar fáil creat le haghaidh cur chuige coiteann i leith beartas forbartha a chuirfidh Institiúidí an Aontais agus na Ballstáit i bhfeidhm,

Leasú 9

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 h (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne (GAP III),

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 i (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal 'The European Green Deal' [An Comhaontú Glas don Eoraip] (COM(2019)0640),

Leasú 11

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 j (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[1a],

[1a] IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 k (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 16 Eanáir 2018 maidir le mná, comhionannas inscne agus ceartas aeráide[1a],

[1a] IO C 458, 19.12.2018, lch. 34.

Leasú 13

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 l (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2025 dar teideal 'An Bóthar i dTreo an Chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil Eile' (COM(2025)0046),

Leasú 14

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 m (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2022 maidir le straitéis cúraim na hEorpa (COM(2022)0440),

Leasú 15

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 n (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 5 Iúil 2022 i dtreo comhghníomhaíocht Eorpach maidir le cúram[1a],
	[1a] IO C 47, 7.2.2023, lch. 30.

Leasú 16

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 o (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do straitéis an Aontais um chomhionannas inscne 2020-2025,

Leasú 17

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 p (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Gender mainstreaming in the EU budget: time to turn words into action' [Príomhshruthú inscne i mbuiséad an Aontais: is mithid beart a dhéanamh de réir ár mbriathair], arna foilsíodh in 2021,

Leasú 18

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 1 (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle[1a],
	[1a] IO L 156, 5.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/692/oj.

Leasú 19

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 15 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2021 dar teideal 'A long-term Vision for the EU's Rural Areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040' [Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh - i dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040] (COM(2021)0345),

Leasú 20

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Aa. de bhrí gur bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE; de bhrí go luaitear in Airteagal 8 CFAE '[ina] ghníomhaíochtaí uile, beidh sé d'aidhm ag an Aontas neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh', agus ar an gcaoi sin bunaítear prionsabal an phríomhshruthaithe inscne, ar dá réir nach mór gné an chomhionannais inscne a chomhtháthú i ngach beartas agus clár, lena n-áirítear gach leibhéal den phróiseas buiséadach; de bhrí nach mbíonn buiséid inscne-neodrach riamh agus, dá bhrí sin, gur gá iad a bhunú le cuspóir soiléir an fhrith-idirdhealaithe agus é mar chuspóir acu freastal ar gach duine aonair agus ar a riachtanais shonracha;

Leasú 21

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ba. de bhrí gur réamhchoinníoll é comhionannas idir mná agus fir do rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, i bpoist cheannaireachta agus in eolaíocht agus taighde, agus mar sin, do chomhionannas inscne, agus go bhfuil tionchar aige ar gheilleagar na mBallstát;

Leasú 22

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris C

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
C. de bhrí go gcuidíonn caiteachas trí bhuiséad an Aontais, má dhéantar é a	C. de bhrí go gcuidíonn caiteachas trí bhuiséad an Aontais, má dhéantar é a

spriocdhíriú go héifeachtach, a ailíniú le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais agus a chomhordú le caiteachas ar an leibhéal náisiúnta, le hilroinnt sa mhargadh aonair a sheachaint agus le borradh a chur faoi thionchar foriomlán na hinfheistíochta poiblí; de bhrí go bhfuil infheistíocht phoiblí bunriachtanach chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú;	spriocdhíriú go héifeachtach, a ailíniú le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais agus a chomhordú le caiteachas ar an leibhéal náisiúnta, ***le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear cearta na mban agus an smacht reachta, le comhtháthú agus comhionannas a chothú, chomh maith*** le hilroinnt sa mhargadh aonair a sheachaint agus le borradh a chur faoi thionchar foriomlán na hinfheistíochta poiblí; de bhrí go bhfuil infheistíocht phoiblí bunriachtanach chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú;

Leasú 23

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris D a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Da. de bhrí go mbíonn bacainní roimh dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe mná agus cailíní, a chuireann bac ar a rochtain ar chearta bunúsacha, ar oideachas, ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí sóisialta; de bhrí, leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), nach mór cistiú leordhóthanach agus sonrach a áirithiú chun a gcuimsiú iomlán sa tsochaí agus i margadh an tsaothair a chur chun cinn;

Leasú 24

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris D b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Db. de bhrí go mbeidh sé níos éasca é do mhná a bheith rathúil trí phróisis laistigh de CAI a shimpliú, rud a laghdóidh bacainní rialála a imríonn tionchar díréireach orthu;

Leasú 25

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris D c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Dc. de bhrí go bhféadfaí measúnú a dhéanamh, le seiceáil iomaíochais, ar na dúshláin uathúla atá le sárú ag gnólachtaí, lena n-áirítear gnólachtaí atá faoi stiúir ban, maidir le rochtain ar acmhainní, ar chaipiteal agus ar dheiseanna, agus dá bhrí sin, a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar na bearnaí sin le beartais nua agus timpeallacht a chur chun cinn inar féidir le gnólachtaí atá faoi stiúir ban a bheith faoi rath agus faoi bhláth;

Leasú 26

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris D d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Dd. de bhrí go bhféadfaí tomhas a dhéanamh le nuashonruithe bliantúla ar an gCompás Iomaíochais, a thuairiscítear ar fud na Tuarascála maidir leis an Margadh Aonair agus an tIomaíochas, ar thorthaí nithiúla go háirithe do ghnólachtaí atá faoi stiúir ban; de bhrí go bhféadfadh sin a bheith úsáideach d'athscrúdú CAI;

Leasú 27

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris D e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	De. de bhrí go bhféadfaí cuidiú le borradh a chur faoi fhás eacnamaíoch na hEorpa trí aghaidh a thabhairt ar

	ghanntanais scileanna agus tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar do mhná ionas gur féidir leo dul isteach i dtionscail a bhfuil ardacmhainneacht fáis acu, amhail teicneolaíocht dhigiteach agus fuinneamh glas, agus róil cheannaireachta a ghlacadh;

Leasú 28

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris E a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ea. de bhrí go sainmhínítear 99 % de ghnólachtaí Eorpacha mar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); de bhrí go bhfostaíonn siad níos mó ná 85 mhilliún oibrithe, mná san áireamh, agus rangaítear mar mhicrifhiontar den chuid is mó iad;

Leasú 29

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Fa. de bhrí gurb í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an t-aon ghníomhaireacht de chuid an Aontais um chomhionannas inscne; de bhrí nach bhfuil EIGE in ann, de cheal acmhainní, freagairt ach don cheathrú chuid de na hiarrataí ar chúnamh teicniúil maidir le príomhshruthú inscne, d'ainneoin gurb é sin ceann dá phríomhchúraimí, arb é an toradh atá air sin gur tugadh tosaíocht d'institiúidí an Aontais chun aimhleasa na mBallstát nach bhfaigheann mórán cúnaimh theicniúil;

Leasú 30

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Fb. de bhrí go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach deiseanna oiliúna a fheabhsú agus gairmoideachas agus gairmoiliúint san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM) a nuachóiriú, agus aird ar leith á tabhairt ar chailíní agus ar mhná, chun na bearnaí inscne atá ann faoi láthair i lucht saothair na réimsí ETIM a líonadh agus chun feasacht ar dheiseanna agus rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua amhail intleacht shaorga a fheabhsú;

Leasú 31

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris G a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ga. de bhrí go meastar go dtiocfaidh méadú ar olltáirgeacht intíre an Aontais (OTI) per capita ó 6.1 % go 9.6 % mar gheall ar fheabhas a chur ar chomhionannas inscne, méadú ar fiú idir EUR 1,95 trilliún agus EUR 3,15 trilliún faoi 2050, de réir EIGE[1a];
	[1a] https://eige.europa.eu/newsroom/economic-benefits-gender-equality.

Leasú 32

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ha. de bhrí gur cheart an t-iomaíochas

a bheith ina ghné lárnach d'athscrúdú CAI chun a áirithiú go ndéanfar an t-iomaíochas a chomhtháthú i mbuiséad an Aontais, rud a chuirfidh feabhas ar iomaíochas na mban san Eoraip agus a spreagfaidh fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus láidir;

Leasú 33

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Hb. de bhrí gur iarr an Pharlaimint arís agus arís eile go gcuirfí cistiú leordhóthanach ar fáil do shraith Daphne de EIGE, don tsraith maidir le comhionannas agus cearta den Chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV), d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta faoi chlár ICFCI, do chlár EU4Health, agus don tsraith maidir le Nuálaíocht Shóisialta de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+); de bhrí gur iarr an Pharlaimint arís agus arís eile go gcuirfí príomhshruthú inscne i bhfeidhm sna príomhchistí Eorpacha amhail Fís Eorpach, an comhbheartas talmhaíochta, an Ciste Comhtháthaithe agus NextGenerationEU;

Leasú 34

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Hc. de bhrí gur cheart príomhshruthú ullmhachta a bheith ina chuid dhílis d'athscrúdú CAI chun a áirithiú go bhfuil mná ina gcónaí in Aontas atá ullmhaithe do ghéarchéimeanna;

Leasú 35

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Hd. de bhrí go bhfuil coinne leis go gcomhlíonfaidh EIGE a chúraimí nua maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme píosaí nua reachtaíochta agus straitéisí a glacadh le déanaí, amhail an Treoir maidir le Cothromaíocht Inscne ar Bhoird, an Treoir maidir le Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Baile, an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá, an Treoir maidir le Caighdeáin do Chomhlachtaí Comhionannais, an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil, an Straitéis Cúraim, Spriocanna Barcelona agus an Straitéis um Chomhionannas Inscne tar éis 2025; de bhrí go bhfuil forálacha sa Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach 16 Nollaig 2020 maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IIA)[1a], is é sin forálacha maidir le hacmhainní a leithdháileadh ar ghníomhaireachtaí nuair a shanntar cúraimí nua dóibh trí thogra reachtach;

[1a] IO L 433I, 22.10.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

Leasú 36

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	He. de bhrí go n-imríonn mná ról ríthábhachtach in éifeachtúlacht acmhainne agus i gcleachtais eacnamaíocha inbhuanaithe; de bhrí go gcuireann costais tráchtearraí atá ag dul i méid mar gheall ar ghanntanas acmhainní le neamhionannais shocheacnamaíocha;

Leasú 37

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Hf. de bhrí go bhfuil stát leasa a fheidhmíonn go maith agus seirbhísí poiblí inrochtana, lena n-áirítear iompar, cúram sláinte agus cúram leanaí, ríthábhachtach chun dul chun cinn gairme agus soghluaisteacht na mban a chur chun cinn; de bhrí go méadaítear an t-ualach dúbailte a bhaineann le hobair chúraim gan phá mar gheall ar an easpa seirbhísí poiblí, rud a chuireann srian le rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus a dhéanann difear don chothromaíocht oibre is saoil;

Leasú 38

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Hg. de bhrí gur cheart tosaíocht a thabhairt do thionscnaimh lena gcumhachtaítear mná i róil cheannaireachta, agus aird á tabhairt ar rannpháirtíocht na mban i bpróisis chinnteoireachta a mhéadú, agus go háirithe, ach nach amháin, do mhná sa

ghnó agus san earnáil ETIM;

Leasú 39

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H h (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Hh. de bhrí gur mná singil, go háirithe mná seanaoise, is mó atá i mbaol bochtaineachta; de bhrí go gcuireann bearnaí pinsean inscne agus éagothromaíochtaí sa dul chun cinn gairme le leochaileacht mhéadaithe na mban i leith éiginnteacht airgeadais seanaoise; de bhrí nach mór do bheartais an Aontais aghaidh a thabhairt ar ghnéithe inscne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta i bpleanáil fhadtéarmach an bhuiséid;

Leasú 40

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H i (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Hi. de bhrí nach dtacaíonn ach 0,01 % den chistiú ar fud an domhain le tionscadail lena dtugtar aghaidh ar athrú aeráide agus cearta na mban, de réir Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe[1a];
	[1a] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-8-2017-0403_EN.html.

Leasú 41

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H j (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Hj. de bhrí go bhfuil tionchair ghéaraitheacha dhiúltacha ar an ngeilleagar, ar bhuiséid náisiúnta agus ar bhuiséad an Aontais ag baint le sárú na dteorainneacha pláinéadacha, lena n-áirítear aeráid, bithéagsúlacht, uisce agus eintitis núíosacha, agus dá réir sin, go mbíonn tionchar diúltach aige ar mhná ar bhealaí díreacha agus indíreacha araon: mar fheiniméan ann féin agus mar shrianta buiséadacha;

Leasú 42

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H k (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Hk. de bhrí go bhfuil sláinte na mban agus na gcailíní i mbaol go háirithe mar gheall ar thruailliú agus athrú aeráide mar thoradh ar dhifríochtaí inscne maidir le nochtadh, stádas socheacnamaíoch, leochaileacht agus rochtain ar chúram sláinte; de bhrí go dtugtar gealltanas sa Dearbhú ón Seachtú Comhdháil Aireachta um an gComhshaol agus an tSláinte a shínigh airí comhshaoilagus sláinte an Aontais i mBúdaipeist i mí Iúil 2023 go gcuirfear dlús leis an ngníomhaíocht chun cosaint sláinte a neartú i bhfianaise an athraithe aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus an truaillithe;

Leasú 43

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H l (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Hl. de bhrí go soláthraítear san Ochtú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil an creat

	atá ina cheangal dlí chun a áirithiú, faoi 2050, go mbeidh comhshaol nádúrtha an Aontais 'athshlánaithe, athléimneach agus cosanta go leordhóthanach' agus 'go laghdófar gach cineál truaillithe go leibhéil nach meastar a bheith díobhálach do shláinte an duine agus d'éiceachórais nádúrtha a thuilleadh'; de bhrí go mbeidh laghdú agus cosc ar thruailliú chun tairbhe do shláinte na mban agus na gcailíní, ós rud é go bhfuil a sláinte i mbaol go háirithe mar gheall ar dhifríochtaí maidir le nochtadh, stádas socheacnamaíoch, leochaileacht agus rochtain ar chúram sláinte;

Leasú 44

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H m (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Hm. de bhrí go ndeimhnítear leis an gcéad Mheasúnú Eorpach ar Riosca Aeráide riamh go bhfuil rioscaí sláinte tromchúiseacha san Eoraip ag baint le hathrú aeráide, truailliú agus bithéagsúlacht, ar rioscaí iad atá ag dul i méid, agus go bhfuil strus teirmeach agus falscaithe i measc na mbagairtí is práinní, ar bagairtí iad a dhéanann difear díréireach do mhná, do chailíní agus do dhaonraí leochaileacha eile mar gheall ar dhifríochtaí maidir le nochtadh, stádas socheacnamaíoch, leochaileacht agus rochtain ar chúram sláinte; de bhrí go raibh an ráta básmhaireachta teasa 55 % níos airde do mhná le linn na toinne teasa samhraidh san Eoraip in 2023;

Leasú 45

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H n (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Hn. de bhrí go bhfuil na dúshláin atá roimh ár n-ollstruchtúr slándála comhchoiteann tar éis éirí níos casta le blianta beaga anuas; de bhrí go bhfuil cosaint mhíleata lárnach ina leith sin agus gur cheart mná a spreagadh chun ról níos mó a ghlacadh chun slándáil na hEorpa a áirithiú; de bhrí go soláthraítear leis an gcúlra sin comhthéacs tábhachtach do CAI;

Leasú 46

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1a. ag tabhairt chun suntais ghealltanais an Aontais maidir le comhionannas, go háirithe iad siúd a leagtar amach sa straitéis um chomhionannas inscne agus i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, go sonrach spriocanna 5 agus 10; á chur i bhfáth go láidir gur cheart do CAI tar éis 2027 comhionannas inscne a phríomhshruthú agus cuidiú le deireadh a chur le neamhionannais ar fud an Aontais agus ar fud an domhain lena n-áirítear trí chaiteachas bhuiséad an Aontais atá níos airde ná na cinn atá ann faoi láthair a thiomnú agus trí thacú le comhionannas inscne agus le cuspóirí comhionannais eile i gcomhréir leis na Conarthaí;

Leasú 47

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
3. ag cur béim ar an bhfíoras nach mór	3. ag cur béim ar an bhfíoras nach mór

do CAI tar éis 2027 a bheith níos simplí agus níos trédhearcaí agus nach mór é a chosaint ar mhí-úsáid, ar chalaois agus ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta agus ar luachanna an Aontais;	do CAI tar éis 2027 a bheith níos simplí agus níos trédhearcaí agus nach mór é a chosaint ar mhí-úsáid, ar chalaois agus ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta***, ar chearta bunúsacha*** agus ar luachanna an Aontais;

Leasú 48

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4a. á mheabhrú gur bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach; ag cur béim ar an bhfíoras gurb é freagracht an Aontais agus a Bhallstát luachanna an Aontais a chosaint agus oibriú ina dtreo agus i gcomhréir leo i gcónaí;

Leasú 49

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4b. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé an dul chun cinn atá déanta go dtí seo i bpríomhréimsí bheartas an Aontais a chosaint, lena n-áirítear comhionannas inscne agus cearta na mban agus na gcailíní; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá a áirithiú nach n-eascróidh cúlú ar an dul chun cinn atá déanta as CAI tar éis 2027;

Leasú 50

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4c. á iarraidh go gcuirfí béim an athuair ar an bhfíoras nach ndéantar aon chistí de chuid an Aontais, faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI), a chur i leith eagraíochtaí sceimhlitheoireachta ná nach dtéann aon chistí de chuid an Aontais chun sochair d'eagraíochtaí sceimhlitheoireachta de thaisme, agus ag iarraidh ar an Aontas a ghealltanas a choinneáil ar bun chun tacú le réiteach coinbhleachta i réigiúin leochaileacha, rud atá ríthábhachtach chun cearta na mban a ráthú, i measc nithe eile, ar fud an domhain;

Leasú 51

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
6. á chur in iúl go bhfuil sí suite de gur tosaíochtaí lárnacha do CAI tar éis 2027 iad borradh a chur faoin iomaíochas, an geilleagar a dhícharbónú ***agus*** acmhainneacht nuálaíochta an Aontais a fheabhsú agus go bhfuil siad ríthábhachtach chun fás fadtéarmach, inbhuanaithe agus cuimsitheach agus geilleagar agus sochaí níos athléimní a áirithiú;	6. á chur in iúl go bhfuil sí suite de gur tosaíochtaí lárnacha do CAI tar éis 2027 iad borradh a chur faoin iomaíochas, an geilleagar a dhícharbónú***,*** acmhainneacht nuálaíochta an Aontais a fheabhsú ***agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais eacnamaíocha agus shóisialta*** agus go bhfuil siad ríthábhachtach chun fás fadtéarmach, inbhuanaithe agus cuimsitheach agus geilleagar agus sochaí níos athléimní a áirithiú;

Leasú 52

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6a. á iarraidh go dtabharfaí isteach tuilleadh beartas atá neamhdhíobhálach do FBManna lena gcuirtear san áireamh

comhionannas inscne idir fir agus mná nuair is cuí;

Leasú 53

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6b. á iarraidh go mbunófaí Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair treisithe a thabharfadh tosaíocht d'íoslaghdú na n-ualaí a bhíonn ar gach gnólacht, lena n-áirítear gnólachtaí faoi stiúir ban, trína áirithiú gur féidir le mná rochtain éasca a fháil ar a n-acmhainneacht fiontraíochta laistigh den mhargadh aonair agus an acmhainneacht sin a bhaint amach;

Leasú 54

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6c. ag iarraidh ar an Aontais cothrom na Féinne a áirithiú d'fhiontraithe, lena n-áirítear banfhiontraithe, trí ilroinnt agus ró-rialáil a chomhrac, a mbíonn bacainní breise ar ghnólachtaí mar thoradh orthu go minic, agus á chur bhfios go láidir gur cheart an réaltacht rialála sin a chur san áireamh in athscrúdú CAI amach anseo;

Leasú 55

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6d. á iarraidh go dtabharfaí isteach

	réitigh dhigiteacha níos fearr d'fhiontraithe, lena n-áirítear banfhiontraithe, agus á chur in iúl gur díol sásaimh di tabhairt isteach na Tiachóige Digití Gnó le haghaidh próisis ghnó shimplithe;

Leasú 56

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6e. á chur i bhfios go láidir gur gá rochtain éasca a sholáthar do ghnólachtaí ar sheirbhísí bunriachtanacha amhail cistiú, aingil ghnó agus caipitlithe fiontair gnó, oiliúint, deiseanna líonraithe agus cláir thacaíochta mheantóireachta;

Leasú 57

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
7. á chur i bhfios go láidir, mar a léiríodh go soiléir i dtuarascálacha Letta agus Draghi, go bhfuil brú mór ar gheilleagar agus samhail shóisialta na hEorpa, agus go bhfuil éifeachtaí iarmhartacha ag an mbearna táirgiúlachta, iomaíochais agus scileanna ar cháilíocht na bpost agus ar chaighdeáin mhaireachtála do mhuintir na hEorpa atá ag dul i ngleic cheana féin le praghsanna arda tithíochta, fuinnimh agus bia; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go méadaíonn easpa deiseanna fostaíochta agus costais arda mhaireachtála an baol go ***n-imeoidh daoine oilte ón Eoraip***;	7. á chur i bhfios go láidir, mar a léiríodh go soiléir i dtuarascálacha Letta agus Draghi, go bhfuil brú mór ar gheilleagar agus samhail shóisialta na hEorpa, agus go bhfuil éifeachtaí iarmhartacha ag an mbearna táirgiúlachta, iomaíochais agus scileanna ar cháilíocht na bpost agus ar chaighdeáin mhaireachtála do mhuintir na hEorpa atá ag dul i ngleic cheana féin le ***costais arda*** tithíochta, fuinnimh agus ***cúraim sláinte*** praghsanna arda bia***, agus gurb iad mná, daoine óga agus mionlaigh na grúpaí is leochailí agus go bhfuil siad i mbaol éiginnteacht airgeadais***; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go méadaíonn easpa deiseanna fostaíochta agus costais arda mhaireachtála an baol go ***gcuirfear dlús le neamhionannas sóisialta agus go***

gcuirfear leis an teannas sóisialta;

Leasú 58

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
11. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart an cistiú don taighde agus don nuálaíocht a mhéadú go suntasach, gur cheart é a dhíriú ar thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais agus gur cheart leanúint de bheith á chinneadh ag prionsabal an bharr feabhais; á mheas gur cheart go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ar fud CAI agus ar an leibhéal náisiúnta chun gach tionscadal ardcháilíochta a chistiú;	11. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart an cistiú don taighde agus don nuálaíocht a mhéadú go suntasach, gur cheart é a dhíriú ar thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais agus gur cheart leanúint de bheith á chinneadh ag prionsabal an bharr feabhais; á mheas gur cheart go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ar fud CAI agus ar an leibhéal náisiúnta chun gach tionscadal ardcháilíochta a chistiú; ***á chur i bhfáth go bhfuil gá le cistiú méadaithe le haghaidh clár chun eolaíocht agus taighde a chur chun cinn maidir le hualaí sláinte agus eacnamaíocha an truaillithe, an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta, a mbíonn tionchar díréireach acu ar mhná, ar mhaithe le glacadh 'eolaíocht-go-beartas' neartaithe;***

Leasú 59

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11a. á chur i bhfios go láidir go mbíonn dúshláin dhíréireacha roimh mhná, lena n-áirítear tearcionadaíocht ar bhoird cuideachtaí, as a dtagann deacrachtaí freisin maidir le rochtain a fháil ar chistiú agus ar mheantóireacht, idirdhealú inscnebhunaithe, steiréitíopaí inscne agus ciapadh ar an láthair oibre, as a dtagann margadh saothair neamhchothrom agus cúram díréireach agus ualaí oibre baile gan phá, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar

	fhás eacnamaíoch agus iomaíochas na mban; á chur i bhfáth gur cheart don chéad CAI eile dul i ngleic le bearnaí maidir le deiseanna do bhanfhiontraithe agus rochtain na mban ar chaipiteal agus líonraí a dhreasú, go háirithe trí lionsa na hanailíse costais dinimiciúla a chuideoidh le beartais lena gcuirtear mná, lena n-áirítear banfhiontraithe, faoi mhíbhuntáiste a shainaithint agus deireadh a chur leo;

Leasú 60

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11b. á thabhairt chun suntais, mar a cuireadh i dtábhacht i dtreoirlínte polaitiúla an Choimisiúin 2024-2029, gur gá aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna, agus a thábhachtaí atá sé go n-áireofaí i mbuiséad an Aontais agus sa chéad CAI eile plean straitéiseach don oideachas san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM) lena n-áirítear freisin cur chuige chun tuilleadh cailíní agus ban a spreagadh chun dul isteach in oideachas agus i ngairmeacha ETIM, toisc gur léir go bhfuil éagothromaíochtaí idir na hinscní i bpoist sna réimsí sin, agus beagnach dhá oiread fear iontu i gcomparáid le mná; á chur i bhfios go bhféadfadh sé gur léiriú é sin, mar a luaitear i dTuarascáil Draghi, ar an tearcúsáid a bhaintear as tallann atá ann cheanna féin;

Leasú 61

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
13. á mheas nach mór don Aontas creat iomaíochais a fhorbairt i gcomhréir lena luachanna agus lena aidhmeanna polaitiúla ***féin agus*** nach mór, dá bhrí sin, a thuiscint go gcuimsíonn an t-iomaíochas ní hamháin fás eacnamaíoch, ach comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach agus inbhuanaitheacht chomhshaoil freisin;	13. á mheas nach mór don Aontas creat iomaíochais a fhorbairt i gcomhréir lena luachanna ***bunaidh, mar atá, daonlathas, comhionannas, an smacht reachta agus meas ar dhínit an duine*** agus lena aidhmeanna polaitiúla; ***á mheas*** nach mór, dá bhrí sin, a thuiscint go gcuimsíonn an t-iomaíochas ní hamháin fás eacnamaíoch, ach comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach agus inbhuanaitheacht chomhshaoil freisin; ***á cur i bhfáth go láidir nach féidir geilleagar fíor-iomaíoch agus rathúil a bhaint amach gan rannpháirtíocht iomlán na mban sa lucht saothair agus i gceannaireacht ghnó; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht na mban i réimsí ETIM a mhéadú toisc gur féidir a scileanna, a gcuid eolais agus cáilíochtaí a bheith ina gcuidiú le borradh a chur faoin ngeilleagar Eorpach agus a bheith ina dtacú leis na spriocanna atá sainithe i mbeartais éagsúla an Aontais;***

Leasú 62

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13a. á iarraidh ar chreat straitéiseach laistigh den CAI a neadaíonn iomaíochas ar fud na gclár agus na dtionscnamh atá cistithe ag an Aontais, ag aithint gur gnéithe tábhachtacha don iomaíochas iad nuálaíocht, claochlú digiteach, oideachas agus dea-fhostaíocht do shaoránaigh, lena n-áirítear mná agus cailíní, agus cuireann sí i bhfios go láidir gur féidir le hiomaíochas gnéithe den sórt sin a chothú;

Leasú 63

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 14

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
14. á chur i bhfios go láidir go gcuidíonn geilleagar atá níos iomaíche, níos táirgiúla agus níos cuimsithí go sóisialta le poist ardcháilíochta, ar phá maith a ghiniúint, agus ar an gcaoi sin caighdeán maireachtála daoine a fheabhsú; ag cur béim ar an bhfíoras, trí chláir amhail Ciste Sóisialta na hEorpa+ agus Erasmus+, gur féidir ról tábhachtach a bheith ag buiséad an Aontais chun tacú le córais oideachais agus oiliúna, borradh a chur faoi inoiriúnaitheacht an lucht saothair trí athsciliú agus uas-sciliú, agus ar an gcaoi sin daoine a ullmhú don fhostaíocht i ngeilleagar nua-aimseartha;	14. á chur i bhfios go láidir go gcuidíonn geilleagar atá níos iomaíche, níos táirgiúla agus níos cuimsithí go sóisialta le poist ardcháilíochta, ar phá maith a ghiniúint, agus ar an gcaoi sin caighdeán maireachtála daoine a fheabhsú***; á cur i bhfáth go láidir gurb ionann an caillteanas eacnamaíoch de bharr na bearna fostaíochta inscne agus EUR 370 billiún in aghaidh na bliana agus go bhféadfadh méadú suas le EUR 3,15 trilliún a bheith ar OTI faoi 2050 mar thoradh ar chomhionannas inscne a fheabhsú***; ag cur béim ar an bhfíoras, trí chláir amhail Ciste Sóisialta na hEorpa+ agus Erasmus+, gur féidir ról tábhachtach a bheith ag buiséad an Aontais chun tacú le córais oideachais agus oiliúna, borradh a chur faoi inoiriúnaitheacht an lucht saothair trí athsciliú agus uas-sciliú, agus ar an gcaoi sin daoine a ullmhú don fhostaíocht i ngeilleagar nua-aimseartha; á thabhairt chun suntais go gcuireann tearcionadaíocht na gcailíní agus na mban i réimsí éagsúla oideachais agus gairmeacha le bearnaí pá inscne, margadh saothair arb iad steiréitíopaí inscne agus deighilt sa mhargadh saothair ina dhiaidh sin mar saintréithe a bhaineann leo;

Leasú 64

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 14 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	14a. á iarraidh ar an gCoimisiún béim níos mó a chur ar dheiseanna breisoiliúna a mhéadú do mhná agus do chailíní, lena n-áirítear mná níos aosta, rud a chuideoidh na bearnaí inscne i bhforbairt scileanna a laghdú agus a

	áirithiú go mbeidh mná in ann táirgiúlacht a threisiú agus cur le fás eacnamaíoch foriomlán an Aontais;

Leasú 65

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 15

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
15. á áitiú gur cheart do bhuiséad an Aontais leanúint de bheith ag tacú le hearnálacha tábhachtacha eacnamaíocha agus cruthaithe post ina bhfuil an tAontas ina cheannaire domhanda cheana féin, amhail an turasóireacht agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta;	15. á áitiú gur cheart do bhuiséad an Aontais leanúint de bheith ag tacú le hearnálacha tábhachtacha eacnamaíocha agus cruthaithe post ina bhfuil an tAontas ina cheannaire domhanda cheana féin, amhail an turasóireacht agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta; ***á aithint, ag an tráth céanna, an ról fíor-riachtanach na hearnála cúraim, lena n-áirítear cúram sláinte, oideachas agus cúram sóisialta, maidir le hathléimneacht eacnamaíoch, comhtháthú sóisialta agus fostaíocht ardchaighdeáin a áirithiú;***

Leasú 66

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 17 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	17a. á iarraidh go dtabharfaí isteach bearta níos láidre chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus chun cothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú do gach saoránach; á chur i bhfios go láidir gur ann do bhearna inscne leanúnach in obair chúraim gan phá, a chuireann ualach díréireach ar mhná; á chreidiúint go bhfuil sé ríthábhachtach tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht i gcúram leanaí ardcháilíochta inacmhainne, saoire tuismitheora le pá a leathnú agus beartais lena gcothaítear pobail chuimsitheacha a ghlacadh; á chur i dtábhacht go háirithe gur gá deireadh a

	chur le hidirdhealú in aghaidh na mban ar an láthair oibre, i ndiaidh saoire mháithreachais go háirithe; á chur i bhfáth go láidir nár cheart freagrachtaí cúraim a bheith ina mbac ar dhul chun cinn gairme na mban; á iarraidh go soláthrófaí cistiú leordhóthanach chun Straitéis Cúraim na hEorpa a chur chun feidhme chun cúram ardcháilíochta, inrochtana agus inacmhainne a áirithiú do chách; á chur i bhfáth go láidir, ina theannta sin, gur gá infheistíocht a dhéanamh i gcúram leanaí agus i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh chun rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a áirithiú;

Leasú 67

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 17 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	17b. á thabhairt chun suntais go bhfuil neamhionannais inscne níos soiléire in earnálacha áirithe, eadhon an earnáil talmhaíochta agus an earnáil iascaigh, atá ríthábhachtach chun slándáil bia agus uathriail straitéiseach an Aontais a áirithiú; á mheas go bhfuil sé fíor-riachtanach, mar sin, go leanfadh an chéad CAI eile de bheith ag tacú leis na hearnálacha sin, atá suite i limistéir thuaithe go príomha, ina bhfuil na neamhionannais inscne san fhostaíocht níos mó ná na hearnálacha atá suite i limistéir uirbeacha;

Leasú 68

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
19. á chur i bhfáth nach mór do chistiú	19. á chur i bhfáth nach mór do chistiú

an bheartais ***chomhtháthaithe dul i ngleic leis*** na príomhdhúshláin atá os comhair an Aontais, amhail athrú déimeagrafach agus dídhaonrú, agus díriú ar na réigiúin agus ar na daoine is mó atá i ngátar; á thabhairt chun suntais, go háirithe, a thábhachtaí atá tacaíocht fheabhsaithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim tithíochta ar fud an Aontais a dhéanann difear do na milliúin teaghlach agus daoine óga;	an bheartais ***comhtháthaithe aghaidh a thabhairt ar*** na príomhdhúshláin atá os comhair an Aontais, amhail ***cruachás sóisialta eacnamaíoch atá ag dul i méid agus bacainní ar rochtain a fháil ar chearta sóisialta amhail cúram sláinte, lena n-áirítear cúram sláinte gnéis agus atáirgthe, leas sóisialta agus tithíocht, athrú aeráide, éagothromaíochtaí ar an leibhéal idir-réigiúnach agus inréigiúnach, agus*** athrú déimeagrafach agus dídhaonrú, ***a bhfuil éifeacht dhíréireach acu uile ar mhná agus ar chailíní, agus an tráth céanna, urraim a thabhairt do chearta an duine agus do phrionsabail an cheartais shóisialta,*** agus ***nach mór do chistiú an bheartais comhtháthaithe*** díriú ar na réigiúin agus ar na daoine is mó atá i ngátar***, amhail mná agus mionlaigh***; á thabhairt chun suntais, go háirithe, a thábhachtaí atá tacaíocht fheabhsaithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim tithíochta ar fud an Aontais a dhéanann difear do na milliúin teaghlach agus daoine óga;

Leasú 69

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	19a. á aithint go bhfuil éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann laistigh den Aontas Eorpach maidir le comhionannas inscne a bhaint amach, ar gné thábhachtach é don fhorbairt agus, dá bhrí sin, don chomhtháthú; á chur i bhfáth go láidir, dá bhrí sin, gur cheart fís níos cuimsithí a bheith ag an gcéad CAI eile maidir le forbairt chomhchuí na críche Eorpaí, agus é dírithe ar chomhtháthú; á chur i bhfios go láidir nach mór don Aontas aghaidh a thabhairt go práinneach ar phríomhdhúshláin a dhéanann difear do chobhsaíocht agus fás fadtéarmach, go háirithe athrú

	déimeagrafach agus éagothromaíochtaí réigiúnacha; ag cur béim ar an bhfíoras, i ndáil leis sin, gur cheart díriú go lárnach ar thacaíocht a thabhairt do na réigiúin agus do na daonraí is leochailí chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár agus go mbeidh feabhas ar an gcomhtháthú sóisialta ina thosaíocht ríthábhachtach, in éineacht le dul i ngleic le saincheisteanna práinneacha amhail an ghéarchéim tithíochta ar fud an Aontais, a mbíonn tionchar aici ar na milliúin teaghlach, ban, daoine óga agus daoine leochaileacha ar fud an Aontais, nach féidir leo tairbhiú dá gcearta go hiomlán agus go ndéantar idirdhealú orthu go minic;

Leasú 70

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	19b. ag iarraidh ar an gCoimisiún rómhaorlathas a laghdú d'fhiontraithe, lena n-áirítear banfhiontraithe, trí iarrachtaí simpliúcháin chun an t-ualach tuairiscithe ar FBManna a laghdú, agus aird agus béim ar leith á dtabhairt ar ghnólachtaí faoi stiúir ban nuair is féidir;

Leasú 71

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
21. á thabhairt chun suntais go bhfuil dlúthbhaint idir an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus an t-iomaíochas, nuachóiriú an gheilleagair agus athléimneacht na sochaí agus, dá bhrí sin, nach mór do CAI tar éis 2027 leanúint de	21. á thabhairt chun suntais go bhfuil dlúthbhaint idir an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus an t-iomaíochas, nuachóiriú an gheilleagair agus athléimneacht na sochaí agus, dá bhrí sin, nach mór do CAI tar éis 2027 leanúint de bheith ag tacú leis an dá aistriú; ***ag cur***

bheith ag tacú leis an dá aistriú;	***béim ar an bhfíoras gur gá dlús a chur leis an aistriú glas trí thacaíocht bhuiséadach spriocdhírithe agus acmhainní leordhóthanacha a áirithiú le haghaidh infheistíocht inbhuanaithe, go háirithe maidir le mná agus cailíní;***

Leasú 72

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 22

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
22. á mheabhrú go bhfuil an tAontas tiomanta do neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050, lena n-éilítear dícharbónú an gheilleagair trí theicneolaíochtaí glana a úsáid, trí bhonneagar feabhsaithe fuinnimh agus iompair agus trí thithíocht atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de; ag tabhairt dá haire go measann an Coimisiún go mbeidh gá le hinfheistíocht bhreise chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ag 1.5 % de OTI in aghaidh na bliana i gcomparáid leis na deich mbliana 2011-2020 agus, cé nach féidir le buiséad an Aontais amháin an bhearna a chumhdach, nach mór dó leanúint de bheith ina rannchuiditheoir ríthábhachtach;	22. á mheabhrú go bhfuil an tAontas tiomanta do neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050, lena n-éilítear dícharbónú an gheilleagair trí theicneolaíochtaí glana a úsáid, trí bhonneagar feabhsaithe fuinnimh agus iompair agus trí thithíocht atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de***; á chur i bhfáth go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 freisin ó thaobh an chomhionannais inscne de agus go bhfuil gá le deireadh a chur le cistiú díreach agus indíreach an Aontais do bhreoslaí iontaise faoi 2027; á iarraidh go ndéanfaí infheistíocht a atreorú i dtreo nuálaíocht fuinnimh ghlain, laghdú ar thruailliú agus athléimneacht aeráide***; ag tabhairt dá haire go measann an Coimisiún go mbeidh gá le hinfheistíocht bhreise chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ag 1.5 % de OTI in aghaidh na bliana i gcomparáid leis na deich mbliana 2011-2020 agus, cé nach féidir le buiséad an Aontais amháin an bhearna a chumhdach, nach mór dó leanúint de bheith ina rannchuiditheoir ríthábhachtach;

Leasú 73

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 23

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
23. á chur i bhfios go láidir go mbeidh an tionsclaíocht lárnach san aistriú chuig glan-nialasacht agus go mbeidh gá le tacaíocht chun cabhrú le roinnt earnálacha tionsclaíocha agus lena n-oibrithe oiriúnú; á chur i bhfáth nár cheart aon duine a fhágáil ar lár leis an aistriú, lena n-éilítear infheistíocht i réigiúin atá ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise agus tacaíocht mhéadaithe do theaghlaigh, go háirithe tríd an gCiste Aeráide Sóisialta;	23. á chur i bhfios go láidir go mbeidh an tionsclaíocht lárnach san aistriú chuig glan-nialasacht agus go mbeidh gá le tacaíocht chun cabhrú le roinnt earnálacha tionsclaíocha agus lena n-oibrithe oiriúnú; á chur i bhfáth nár cheart aon duine a fhágáil ar lár leis an aistriú, lena n-éilítear infheistíocht i réigiúin atá ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise agus tacaíocht mhéadaithe do theaghlaigh, go háirithe tríd an gCiste Aeráide Sóisialta; ***á iarraidh go ndéanfaí cistiú spriocdhírithe a leithdháileadh chun suíomhanna atá éillithe ag substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile a fheabhsú, a bhfuil tionchar suntasach diúltach acu ar thorthúlacht i measc na mban agus i measc na gcailíní, chun cosaint an chomhshaoil agus sláinte poiblí a áirithiú;***

Leasú 74

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 24

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
24. á chur i bhfios go bhfuil athrú mór teicneolaíoch ar bun, agus go gcruthaíonn teicneolaíochtaí nua amhail an intleacht shaorga deiseanna, ó thaobh acmhainneacht eacnamaíoch agus feabhsuithe ar shaol na saoránach de, agus go bhfuil dúshláin iontaofachta agus eiticiúla ag baint leo; á chur i bhfáth nach mór don chéad CAI eile tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm sábháilte na dteicneolaíochtaí sin agus cabhrú le daoine barr feabhais a chur ar na scileanna a theastaíonn uathu chun oibriú leo agus chun iad a úsáid;	24. á chur i bhfios go bhfuil athrú mór teicneolaíoch ar bun, agus go gcruthaíonn teicneolaíochtaí nua amhail an intleacht shaorga deiseanna, ó thaobh acmhainneacht eacnamaíoch agus feabhsuithe ar shaol na saoránach de, agus go bhfuil dúshláin iontaofachta agus eiticiúla ag baint leo; á chur i bhfáth nach mór don chéad CAI eile tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm sábháilte na dteicneolaíochtaí sin ***agus, an tráth céanna, gealltanas a thabhairt chun dul i ngleic le claontachtaí algartamacha a chuireann le foréigean inscnebhunaithe*** agus ***nach mór dó*** cabhrú le daoine barr feabhais a chur ar na scileanna a theastaíonn uathu chun oibriú leo agus

chun iad a úsáid;

Leasú 75

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 24 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	24a. á iarraidh go neartófar láithreacht agus tionchar na mban sa réimse digiteach, agus béim ar leith á cur ar inniúlacht traschuraclaim a shealbhú, amhail ceannaireacht, cumasú, idirbheartaíocht agus straitéisí príomhshruthaithe inscne; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach feabhas a chur ar oiliúint agus ar mheantóireacht i bpríomhréimsí teicneolaíochta, lena n-áirítear cibearshlándáil, forbairt tosaigh, dearadh grafach agus margaíocht dhigiteach, chun an bhearna scileanna san earnáil dhigiteach a líonadh agus chun mná a chumasú le dul chun cinn san aois dhigiteach, rud a chuireann le fás eacnamaíoch ina réigiúin sa deireadh;

Leasú 76

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 25

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
25. á mheabhrú gurb ***í*** an ***tslándáil an bhunchloch*** do rathúnas agus samhail shóisialta an Aontais agus nach mór don chéad CAI eile i bhfad níos mó infheistíochta a dhéanamh chun an tAontas a chosaint ar an iliomad bagairtí atá os a chomhair;	25. á mheabhrú gurb ***iad*** an ***tsíocháin agus slándáil an duine na bunchlocha*** do rathúnas agus samhail shóisialta an Aontais agus nach mór don chéad CAI eile i bhfad níos mó infheistíochta a dhéanamh chun an tAontas ***agus a mhuintir*** a chosaint ar an iliomad bagairtí atá os a chomhair;

Leasú 77

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 25 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	25a. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart an tslándáil a thuiscint sa chiall is leithne, trí chur chuige atá dírithe ar an duine, lena n-áirítear gnéithe sóisialta, oideachais, comhshaoil agus cultúrtha, a éilíonn daonlathais láidre agus comhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne; á áitiú go gcuirtear san áireamh le hinfheistíocht i gcosaint na gnéithe níos leithne sin den tslándáil.

Leasú 78

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 31

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
31. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá don Aontas dlús a chur leis an gcistiú le haghaidh ullmhachta i gcoitinne; á chur i bhfios go láidir, sa bhreis ar na hiarrachtaí chun an t-athrú aeráide a mhaolú tríd an aistriú glas, go bhfuil gá le hinfheistíocht shuntasach chun oiriúnú don athrú aeráide, go háirithe chun cosaint a thabhairt in aghaidh tubaistí nádúrtha agus teagmhais adhaimsire agus chun tionchar na dtubaistí agus na dteagmhas sin a laghdú; á mheas nach mór an tacaíocht chun na críche sin a mhéadú go suntasach sa chéad CAI eile;	31. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá don Aontas dlús a chur leis an gcistiú le haghaidh ullmhachta i gcoitinne; á chur i bhfios go láidir, sa bhreis ar na hiarrachtaí chun an t-athrú aeráide a mhaolú tríd an aistriú glas, go bhfuil gá le hinfheistíocht shuntasach chun oiriúnú don athrú aeráide, go háirithe chun cosaint a thabhairt in aghaidh tubaistí nádúrtha agus teagmhais adhaimsire agus chun tionchar na dtubaistí agus na dteagmhas sin a laghdú; ***á chur i bhfáth go láidir nach mór buiséadú inscne a chomhtháthú i mbearta oiriúnaithe don aeráid chun tacaíocht spriocdhírithe a áirithiú do mhná agus do ghrúpaí leochaileacha i dtubaistí de bharr aeráide; á chur i bhfios go láidir, maidir le grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear leanaí, mná torracha, daoine scothaosta, iadsan a bhfuil tinneas orthu cheana féin agus iadsan a thugann aghaidh ar neamhionannais shocheacnamaíocha, go dtugann siad aghaidh ar rioscaí sláinte díréireacha;*** á mheas nach mór an tacaíocht chun na críche sin a mhéadú go

suntasach sa chéad CAI eile***, go háirithe toisc go ndéantar difear do mhná agus do chailíní ar bhealach díréireach mar gheall ar na géarchéimeanna sin***; ***á chur i bhfáth nach mór deireadh a chur de réir a chéile leis an gcistiú uile do bhreoslaí iontaise agus gníomhaíochtaí a dhéanann dochar don chomhshaol, toisc go gcuireann díghrádú comhshaoil le neamhionannais shóisialta;***

Leasú 79

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 32

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
32. á mheabhrú go ndearna paindéim COVID-19 damáiste eacnamaíoch agus sóisialta ar fud an domhain agus gur príomhcheacht é ón taithí sin gur gá infheistíocht a dhéanamh in ullmhacht do bhagairtí sláinte, i dtaighde leighis agus in athléimneacht na gcóras sláinte poiblí san Aontas; á mheas nach mór don chéad CAI eile cur leis an obair a rinneadh sa chlárthréimhse reatha;	32. á mheabhrú go ndearna paindéim COVID-19 damáiste eacnamaíoch agus sóisialta ar fud an domhain***, agus go raibh éifeacht dhíréireach aici ar mhná,*** agus gur príomhcheacht é ón taithí sin gur gá infheistíocht a dhéanamh in ullmhacht do bhagairtí sláinte, ***aeráide agus comhshaoil, in aghaidh a thabhairt ar ghanntanais táirgí íocshláinte, i gcur chun cinn na teicneolaíochta maidir le hualaí sláinte agus eacnamaíochta an truaillithe,*** i dtaighde leighis agus in athléimneacht na gcóras sláinte poiblí san Aontas***; á chur i bhfáth go láidir nach mór ullmhúcháin tosaíocht a thabhairt don chosaint orthusan is leochailí, lena n-áirítear páistí, mná torracha, daoine níos aosta, iadsan a bhfuil tinneas orthu cheanna féin agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch; á iarraidh ar infheistíocht atá cosanta don tsláinte i bpríomhearnálacha a chinneann sláinte amhail fuinneamh, iompar, talmhaíocht, tionscal agus pleanáil uirbeach chun athléimneacht fhadtéarmach aeráide a neartú agus sláinte phoiblí a chosaint***; á mheas nach mór don chéad CAI eile cur leis an obair a rinneadh sa chlárthréimhse reatha***, agus Clár EU4Health á choinneáil ar bun agus á mhéadú***; ***á mheas nach mór***

	acmhainní breise a leithdháileadh chun leigheasanna atá íogair ó thaobh inscne a fhorbairt agus chun a áirithiú, i measc rudaí eile, go gcuirfear seirbhísí sábháilte sláinte gnéis agus atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo ar fáil go tráthúil agus go mbeidh rochtain orthu;

Leasú 80

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 32 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	32a. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cur chuige cuimsitheach slándála lena gcomhtháthaítear an smacht reachta, comhionannas inscne agus rannpháirtíocht na mban sa chinnteoireacht agus a leathnaíonn níos faide ná bagairtí míleata chun dúshláin amhail athrú aeráide, ganntanas acmhainní, aistrithe déimeagrafacha, coireacht eagraithe, cibearionsaithe agus géarchéimeanna sláinte poiblí a áireamh; á thabhairt chun suntais go mbraitheann athléimneacht na sochaí ar earnálacha tearcacmhainne a chistiú go leordhóthanach, go háirithe seirbhísí sóisialta agus cúram sláinte, inar mná iad formhór an lucht saothair agus na dtairbhithe araon agus dá ndéantar difear díréireach freisin le linn géarchéimeanna; á chur i bhfáth go láidir go dteastaíonn infheistíocht shuntasach chun slándáil na sochaí a bhaint amach, go háirithe in earnálacha tearc-chistithe agus tearcluacháilte amhail seirbhísí sóisialta, inar mná iad formhór an lucht saothair agus na dtairbhithe araon; Á iarraidh go soláthrófaí cistiú méadaithe chun athléimneacht agus ullmhacht an bhonneagair shóisialta a neartú mar phríomhcholún den tslándáil shochaíoch fhoriomlán;

Leasú 81

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 34

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
34. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cistiú leanúnach, sa chéad CAI eile, chun ***teorainneacha*** seachtracha ***AE a chosaint go héifeachtach***; á chur i bhfios go láidir gur gá líonraí gáinneála ***a chomhrac*** agus aghaidh a thabhairt ar ionsaithe hibrideacha ***agus ar ionstraimiú imirceach, go háirithe ag tríú tír nó ag gníomhaí naimhdeach neamhstáit***;	34. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cistiú leanúnach, sa chéad CAI eile, chun ***bainistíocht chuí, dhaonnúil agus chothrom a dhéanamh ar theorainneacha*** seachtracha ***an Aontais***; ***lena n-áirítear feidhmiú éifeachtach sásraí faireacháin neamhspleácha atá ráthábhachtach chun an riosca a bhaineann le sáruithe ar chearta bunúsacha a laghdú, go háirithe do mhná agus do leanaí;*** á chur i bhfios go láidir gur gá ***daoine leochaileacha, go háirithe mná agus cailíní, a chosaint ar bhealach níos fearr ar*** líonraí gáinneála agus aghaidh a thabhairt ar ionsaithe hibrideacha;

Leasú 82

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 34 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	34a. ag iarraidh buiséadú comhsheasmhach agus inbhuanaithe do gach gníomhaíocht a bhaineann le hinscne in earnáil cosanta agus slándála an Aontais, i gcomhréir le plean gníomhaíochta an Aontais maidir le mná, síocháin agus slándáil; ag cur béim ar an ngá atá le cistiú tiomnaithe do ghníomhaíochtaí a bhaineann le hinscne laistigh de mhisin an chomhbheartais slándála agus cosanta (CBSC), lena n-áirítear líne bhuiséid shonrach do na Comhairleoirí Inscne laistigh de mhisin shibhialtacha CBSC;

Leasú 83

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 35

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
35. á áitiú, i gcomhthéacs na héagobhsaíochta domhanda atá ag dul i méid, nach mór don Aontas leanúint de bheith ag dul i dteagmháil ar bhealach cuiditheach le tríú tíortha agus tacú leis an tsíocháin, leis an gcobhsaíocht, leis an rathúnas, leis an tslándáil, leis an daonlathas agus leis an bhforbairt inbhuanaithe ar fud an domhain, i gcomhréir lena luachanna;	35. á áitiú, i gcomhthéacs na héagobhsaíochta domhanda atá ag dul i méid, nach mór don Aontas leanúint de bheith ag dul i dteagmháil ar bhealach cuiditheach le tríú tíortha agus tacú leis an tsíocháin, leis an gcobhsaíocht, leis an rathúnas, leis an tslándáil, leis an daonlathas***, leis an smacht reachta, le cearta an duine, leis an gcomhionannas inscne, leis an bhforbairt dhaonna*** agus leis an bhforbairt inbhuanaithe ar fud an domhain, i gcomhréir lena luachanna;

Leasú 84

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 35 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	35a. ag meabhrú thiomantas an Aontais do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a bhaint amach faoi 2030 mar aon lena ghealltanais níos leithne don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta, don iltaobhachas, do chearta an duine, don fhorbairt inbhuanaithe agus don dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta; á chur i bhfáth go láidir nach mór infheistíochtaí leordhóthanacha sa chéad CAI eile a bheith mar bhonn agus mar thaca ag na gealltanais sin; ag cur i béim ar an ngá práinneach atá le cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn, go háirithe sláinte agus cearta na mban, chomh maith le cearta mionlach, agus daoine i gcásanna leochaileacha; á áitiú go bhfuil cuspóirí sonracha ag ionstraimí cistiúcháin sheachtraigh uile an Aontais agus, i gcás inar féidir, nár cheart iad a chumasc, agus nach mór an chabhair dhaonnúil, an comhar um fhorbairt agus an

	ionstraim réamhaontachais fanacht ina n-ionstraimí ar leithligh chun leanúint dá gcuspóirí sonracha a bhaint amach;

Leasú 85

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	36a. á mheabhrú nach mór comhar um fhorbairt an Aontais a bheith bunaithe ar na prionsabail a chuirtear i dtábhacht in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 208 CFAE, is é sin an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, deireadh a chur léi, ar rud é a dhéanann difear díréireach do mhná agus do leanaí;

Leasú 86

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 37

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
37. á chur i bhfáth nach mór don chéad CAI eile leanúint de bheith ag dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda is práinní, amhail an t-athrú aeráide a chomhrac, faoiseamh a thabhairt i gcás tubaistí nádúrtha, slándáil dhomhanda bia a áirithiú, córais cúraim sláinte a fheabhsú, an bhochtaineacht agus an neamhionannas a laghdú agus borradh a chur faoin iomaíochas agus faoi shlándáil na slabhraí soláthair domhanda; ag cur béim, go háirithe, ar an ngá atá le tacaíocht do Chomharsanachtaí an Deiscirt agus an Oirthir de chuid an Aontais;	37. á chur i bhfáth nach mór don chéad CAI eile leanúint de bheith ag dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda is práinní, amhail an t-athrú aeráide a chomhrac, ***truailliú a laghdú agus a chosc,*** faoiseamh a thabhairt i gcás tubaistí nádúrtha, slándáil dhomhanda bia a áirithiú, córais cúraim sláinte ***agus forbairt dhaonna*** a fheabhsú, an bhochtaineacht agus an neamhionannas a laghdú***, an comhionannas inscne san áireamh, an leibhéal oideachais a ardú*** agus borradh a chur faoin iomaíochas agus faoi shlándáil na slabhraí soláthair domhanda; ag cur béim, go háirithe, ar an ngá atá le tacaíocht do Chomharsanachtaí an Deiscirt agus an Oirthir de chuid an Aontais***, don Afraic Fho-Shaharach, don***

Áise, agus do Mheiriceá Laidineach;

Leasú 87

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 37 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	37a. á chur i bhfios go láidir gur gá leis an gcéad CAI eile acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn trí ghníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais; á iarraidh go dtabharfar aird ar leith ar chur chun cinn an chomhionannais inscne sa chéad ionstraim eile um chomhar idirnáisiúnta, agus go mbunófar sprioc go rachadh 85 % den chúnamh oifigiúil um fhorbairt (COF) chuig tionscadail a bhfuil comhionannas inscne ina phríomhchuspóir nó ina chuspóir suntasach acu, agus go rachadh 20 % de COF chuig tionscadail a bhfuil comhionannas inscne ina phríomhchuspóir acu; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach mar fhreagairt ar cúlú domhanda chearta na mban agus ag cur béim ar an bhfíoras nach bhfuil buiséad tiomnaithe ag an CAI reatha chun plean gníomhaíochta III maidir le hinscne a chur chun feidhme;

Leasú 88

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 37 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	37b. á chur i bhfáth go láidir a thábhachtaí atá Plean Gníomhaíochta III maidir le hInscne i dtaca le dlús a chur le dul chun cinn i dtreo an chomhionannais inscne ar bhonn domhanda trí thosaíocht

a thabhairt dó i ngníomhaíochtaí seachtracha uile an Aontais agus go háirithe trí sprioc a bhunú go rannchuideodh 85 % de na gníomhaíochtaí nua uile le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban faoi 2025; á chur i bhfios gur gá leanúint de na hiarrachtaí sin faoi CAI tar éis 2027 agus obair leantach a dhéanamh orthu, le hacmhainní leordhóthanacha a bheidh tiomnaithe do chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta IV maidir le hInscne atá le teacht, i gcomhréir leis an gclár oibre maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil; á thabhairt chun suntais gur gá dul i ngleic go práinneach le saincheist an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe i gcoinbhleacht trí lionsa inscne;

Leasú 89

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 38

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
38. á chur i bhfios go láidir nach mór don bhuiséad seasamh le ról an Aontais mar phríomhsholáthraí ar domhan maidir le cabhair um fhorbairt agus maoiniú don aeráid i gcomhréir le hoibleagáidí agus gealltanais dhomhanda an Aontais; á áitiú nach mór don bhuiséad leanúint de bheith ag tacú leis an Aontas agus é ag iarraidh an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, an daonlathas, an t-iltaobhachas, cearta an duine agus luachanna bunúsacha a chosaint;	38. á chur i bhfios go láidir nach mór don bhuiséad seasamh le ról an Aontais mar phríomhsholáthraí ar domhan maidir le cabhair um fhorbairt agus maoiniú don aeráid i gcomhréir le hoibleagáidí agus gealltanais dhomhanda an Aontais***; lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú agus Dhearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, agus clár oibre maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil***; á áitiú nach mór don bhuiséad leanúint de bheith ag tacú leis an Aontas agus é ag iarraidh an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, an daonlathas, an t-iltaobhachas, cearta an duine***, neamh-idirdhealú, comhionannas*** agus luachanna bunúsacha a chosaint; ***á chur i bhfios go láidir freisin nach mór don Aontas an leibhéal cistiúcháin a mhéadú chun***

	cearta an duine agus an comhionannas inscne a chur chun cinn ar fud an domhain agus iarracht a dhéanamh bearnaí a líonadh a eascraíonn as tarraingt siar an chistithe ag Gníomhaireacht um Fhorbairt Idirnáisiúnta na Stát Aontaithe agus athbhunú Riail an Ghobáin Dhomhanda;

Leasú 90

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 42 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	42a. á chur i bhfáth go láidir gur gá leis an gcéad CAI eile a áirithiú go soláthrófar cistiú láidir tiomnaithe le haghaidh tacaíocht don daonlathas agus do chearta an duine, go háirithe i bhfianaise na treochta domhanda atá ag dul i dtreo údarásaíochais; á chur i bhfáth go láidir a thábhachtaí atá sé athléimneacht dhaonlathach a neartú, an spás sibhialta a chosaint, agus saoirsí bunúsacha a chosaint, lena n-áirítear saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhlachais agus saoirse an phreasa; á thabhairt chun suntais gur gá tacaíocht a neartú do chosantóirí chearta an duine, cearta LADTI, agus sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe mar chomhpháirteanna lárnacha de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais; á thathant go dtabharfaí gealltanas airgeadais láidir chun dul i ngleic le cúlú daonlathach agus chun tacú le rialachas cuimsitheach, atá bunaithe ar chearta ar fud an domhain; á iarraidh go gcuirfí ar fáil cistiú tiomnaithe sa chéad CAI eile chun cúnamh a thabhairt do chosantóirí chearta an duine, go háirithe mná, le deontais éigeandála, cúnamh dlíthiúil agus athlonnú, agus ar an gcaoi sin tiomantas an Aontais do chearta an duine agus do chosaint na sochaí sibhialta a threisiú, lena n-áirítear an gealltanas a

thug sé sa Dearbhú NA maidir le Cosantóirí Chearta an Duine;

Leasú 91

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 46

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
46. ag cur béim ar a thábhachtaí atá buiséad an Aontais chun an daonlathas agus luachanna an Aontais a chur chun cinn agus a chosaint, oidhreacht chultúrtha choiteann an Aontais agus lánpháirtiú na hEorpa a chothú, rannpháirtíocht na saoránach agus rannpháirtíocht na hóige a fheabhsú agus cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha agus sa smacht reachta a chur chun cinn; á chur i bhfios a thábhachtaí atá neamhspleáchas an cheartais, dea-fheidhmiú na n-institiúidí náisiúnta, tacaíocht don tsochaí shibhialta agus dí-olagarcú;	46. ag cur béim ar a thábhachtaí atá buiséad an Aontais chun ***deireadh a chur le hidirdhealú, chomh maith le neamhionannas inscne agus foréigean inscnebhunaithe,*** daonlathas agus luachanna an Aontais a chur chun cinn agus a chosaint***, mar atá cumhdaithe in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear an smacht reachta, daonlathas agus cearta bunúsacha, neamh-idirdhealú agus comhionannas a chur chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne, cearta na mban agus na gcailíní agus cearta daoine LADTIA, foréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh a chomhrac***, oidhreacht chultúrtha choiteann an Aontais agus lánpháirtiú na hEorpa a chothú, rannpháirtíocht na saoránach agus rannpháirtíocht na hóige a fheabhsú agus cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha agus sa smacht reachta a chur chun cinn; ***ag cur béim ar an idirspleáchas idir cearta na mban agus an smacht reachta; á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis sin, go bhfuil gá le tacaíocht mhéadaithe d'Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta a chuireann comhionannas inscne, cearta na mban agus cearta LADTIA chun cinn;*** á chur i bhfios a thábhachtaí atá neamhspleáchas an cheartais, dea-fheidhmiú na n-institiúidí náisiúnta, tacaíocht ***mhéadaithe*** don tsochaí shibhialta agus dí-olagarcú;

Leasú 92

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 46 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	46a. ag tacú le príomhshruthú inscne agus gealltanais maidir le comhionannas inscne i mbeartais uile an Aontais faoin gcéad CAI eile, chomh maith le gné bhuiséadach atreisithe chun gach cás idirdhealaithe a chomhrac;

Leasú 93

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 46 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	46b. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le méadú ar chistiú lena rannchuidítear le sochaí iolraíoch a choinneáil ar bun ina ndéantar comhionannas agus cearta daoine, lena n-áirítear comhionannas inscne, mar a chumhdaítear sa Chonradh, sa Chairt agus i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta um chearta an duine, a chur chun cinn agus a chosaint; á chur i bhfáth go láidir a ríthábhachtaí atá an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna maidir le luachanna an Aontais a chur chun cinn agus a chosaint, ar clár é trína dtugtar tacaíocht d'eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta a chosnaíonn na luachanna sin ar fud na mBallstát; á iarraidh go ndéanfaí méadú suntasach ar an mbuiséad a leithdháiltear ar an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, rud a bheidh riachtanach i bhfianaise na ndúshlán, na mbagairtí agus na frithfhreagartha atá roimh an tsochaí sibhialta san Aontas Eorpach agus í ag iarraidh a luachanna a chur chun chinn agus a chosaint, agus i

	bhfianaise an chomhraic leanúnaigh ar son chearta na mban agus comhionannas inscne, lena n-áirítear deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus tacaíocht do rochtain uilíoch ar oideachas agus faisnéis gnéasachta agus caidrimh atá cuimsitheach, neamh-idirdhealaitheach, oiriúnach ó thaobh aoise de agus atá bunaithe ar fhianaise do gach páiste scoile trí ranganna sainordaitheach sna Ballstáit an Aontais; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí cláir CERV agus ICFCI a choinneáil ar bun agus a neartú mar chláir neamhspleácha le cistiú méadaithe sa chéad CAI eile;

Leasú 94

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 46 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	46c. á thabhairt chun suntais go bhfuil idirdhealú ciníoch ina fhadhb san Eoraip go fóill, á thabhairt faoi deara go dtuairiscíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha go bhfuil 96 % de Ghiúdaigh san Eoraip, lena n-áirítear go leor ban agus cailíní, tar éis teacht ar fhrithsheimíteachas ina saol laethúil, go bhfuil idirdhealú ciníoch i gcoinne Moslamach agus daoine gorma ag dul i méid, go háirithe i measc na ndaoine sin a chaitheann siombailí reiligiúnacha, ar mná agus cailíní iad den chuid is mó, agus, ina theannta sin, go ndearnadh idirdhealú in aghaidh an cheathrú cuid de Romaigh i réimsí lárnacha den saol; á chur i bhfáth go láidir gur cheart don CAI nua tacaíocht a thabhairt d'obair chun dul i ngleic leis an ábhar mór buartha sin;

Leasú 95

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 46 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	46d. á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach bean ar sheirbhísí sláinte gnéis agus sláinte atáirgthe agus cearta agus go dtabharfar aird ar leith ar riachtanais shonracha daoine imeallaithe, lena n-áirítear leanaí, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh chiníocha agus eitneacha, mná ar dídeanaithe agus imircigh iad, lena n-áirítear iad siúd atá ag éalú ó choinbhleachtaí ina n-úsáidtear éigniú mar arm cogaidh agus an pobal LADTI; á iarraidh go mbunófaí sruth sonrach cistiúcháin laistigh den CAI chun tacú le heagraíochtaí atá faoi stiúir ban i réigiúin iar-choinbhleachta, agus chun tionscnaimh téarnaimh eacnamaíoch atá íogair ó thaobh inscne a chur chun cinn, ar tionscnaimh iad lena dtugtar aghaidh ar na bacainní uathúla atá roimh íospartaigh coireanna cogaidh ar mná iad;

Leasú 96

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 46 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	46e. á chur i bhfios go láidir nach mór don Aontas, mar oibleagáid a eascraíonn as Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, cearta daoine faoi mhíchumas a phríomhshruthú trí gach clár in CAI tar éis 2027; á mheas go bhfuil sé fíor-riachtanach á áirithiú go mbeidh rochtain chothrom ag daoine faoi mhíchumas, go háirithe mná agus cailíní, ar na cláir uile arna gcistiú ag an Aontas, i gcomhréir leis an Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030; ag tathant ar an gCoimisiún modheolaíocht a fhorbairt

	chun caiteachas a théann chun sochair daoine faoi mhíchumas a rianú, go háirithe mná agus cailíní, agus trína fhíorú go ráthaítear le gach clár agus tionscadal arna chistiú ag an Aontas comhdheiseanna inscne agus inrochtaineacht ar chistiú an Aontais do dhaoine faoi mhíchumas;

Leasú 97

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 46 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	46f. á chur i bhfáth go láidir go bhfuil gá le tacaíocht airgeadais níos láidre laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha atá le sárú ag mná a bhfuil ailse orthu agus marthanóirí ailse, lena n-áirítear bacainní ar fhostaíocht, éiginnteacht airgeadais, agus rochtain ar chúram sláinte ardcháilíochta; ag tathant ar an gCoimisiún, chomh maith leis sin, buiséad atá íogair ó thaobh inscne a chur chun feidhme ar fud na gclár ábhartha CAI chun dul i ngleic leis na héagothromaíochtaí i gcúram ailse agus chun beartais a chur chun cinn lena gcosnaítear cearta eacnamaíocha agus sóisialta na mban a ndéanann ailse difear dóibh;

Leasú 98

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 46 g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	46g. ag cáineadh an rabharta nua insintí agus gluaiseachtaí in aghaidh na gceart agus frithinscne le déanaí chomh maith leis an bhfrithfhreagairt i gcoinne

chearta na mban agus sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe san Aontais Eorpach agus ar fud an domhain; á chur in iúl gur oth léi gur bhain gnéithe de ghluaiseachtaí frithinscne agus frithghinmhillte tairbhe as cistiú Eorpach in CAI reatha, in ainneoin gur sháraigh siad cearta bunúsacha agus luachanna eile an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú nach gcuirfear aon chistiú ar fáil sa CAI atá ar na bacáin do ghrúpaí frithinscne a bhfuil sé mar aidhm acu dul chun cinn tábhachtach i gcearta na mban a chúlú, ná aon ghrúpa a oibríonn chun cearta bunúsacha mar a leagtar amach sa Chairt a chreimeadh;

Leasú 99

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 46 h (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	46h. ag cáineadh go láidir gach cineáil foréigin inscnebhunaithe in aghaidh na mban agus na gcailíní agus in aghaidh daoine LADTIA+; á dhearbhú gur cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní é séanadh seirbhísí agus ceart sláinte gnéis agus atáirgthe lena n-áirítear an ceart chun ginmhilleadh sábháilte agus dleathach, sárú ar a gcearta bunúsacha agus sárú atá contrártha go díreach do luach an Aontais maidir le comhionannas inscne; á chur in iúl gur saoth léi nach bhfuil aon chlár aonair chun foréigean in aghaidh na mban a chomhrac, os rud é nach bhfuil sé ach ina chuid den chlár ginearálta 'saoránaigh agus cearta' anois; á chur i bhfios go láidir gur gá do Daphne, a bhfuil sé mar aidhm aige gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac, a bheith ina chlár uathrialach le líne bhuiséid ar leith agus cistiú méadaithe chun cur chun feidhme éifeachtach na treorach maidir le

	foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní agus foréigean teaghlaigh a glacadh le déanaí a áirithiú; á thabhairt chun suntais gur cheart a áireamh i sásraí cistiúcháin amhail Daphne tacaíocht spriocdhírithe do mhná i limistéir choinbhleachta laistigh den Aontais, lena n-áiritheofaí go gcuimsítear i dtionscnaimh um chomhionannas inscne mná a bhfuil dúshláin ilghnéitheacha rompu;

Leasú 100

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 47

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
47. á chur i bhfáth go ***bhfuil*** éagobhsaíocht i réigiúin chomharsanachta, bochtaineacht, treochtaí bunúsacha san fhorbairt eacnamaíoch, agus athruithe déimeagrafacha ***fós ag giniúint sreafaí*** imirce ***i dtreo*** an ***Aontais***, rud a chuireann brú suntasach ar chórais tearmainn agus imirce; á chur i bhfios go láidir nach mór do CAI 2027 tacú le cur chun feidhme iomlán Chomhshocrú Tearmainn agus Imirce an Aontais, i gcomhréir le cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, i gcomhréir leis an gComhshocrú, nach mór don chomhar le tríú tíortha maidir leis an imirce cloí le dlí an Aontais agus caighdeáin idirnáisiúnta a urramú;	47. á chur i bhfáth go ***ndéanann*** éagobhsaíocht i réigiúin chomharsanachta, bochtaineacht, treochtaí bunúsacha san fhorbairt eacnamaíoch***, athruithe comhshaoil*** agus athruithe déimeagrafacha ***difear díréireach do mhná agus go bhfuil siad ag cur brú ar dhaoine dul ar imirce chuig*** an Aontas, rud a chuireann brú suntasach ar chórais tearmainn agus imirce***; á thabhairt chun suntais gur dócha go mbeidh imircigh ar mná iad ina n-íospartaigh d'fhoréigean inscnebhunaithe sna comhthéacsanna sin***; á chur i bhfios go láidir nach mór do CAI 2027 tacú le cur chun feidhme iomlán Chomhshocrú Tearmainn agus Imirce an Aontais, i gcomhréir le cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, i gcomhréir leis an gComhshocrú, nach mór don chomhar le tríú tíortha maidir leis an imirce cloí le dlí an Aontais agus caighdeáin idirnáisiúnta a urramú ***lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine***;

Leasú 101

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 48

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
48. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá naisc láidre idir urraim don smacht reachta agus rochtain ar chistí an Aontais faoin CAI reatha; á chreidiúint go mbraitheann cosaint leasanna airgeadais an Aontais ar urraim don smacht reachta ar an leibhéal náisiúnta; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, tionchar dearfach an Rialacháin maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i gcásanna sáruithe sistéamacha agus leanúnacha ar an smacht reachta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle an rialachán a chur i bhfeidhm go docht, go comhsheasmhach agus gan moill mhíchuí nuair is gá; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór cinntí maidir le cistiú an Aontais a chur ar fionraí nó a laghdú mar gheall ar sháruithe ar an smacht reachta a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus nach mór nach mbeidh breithnithe eile mar threoir acu, ná nach mbeidh siad mar thoradh ar chaibidlíocht;	48. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá naisc láidre idir urraim don smacht reachta***, do dhínit an duine, don tsaoirse, don daonlathas, don chomhionannas agus do chearta an duine,*** agus rochtain ar chistí an Aontais faoin CAI reatha***; á iarraidh go ndéanfaí sásraí an Aontais atá ann cheana a neartú agus a fheabhsú chun a ráthú go n-urramófar cearta bunúsacha agus go gcuirfear cearta bunúsacha chun cinn le dearadh agus cur chun feidhme an CAI sa todhchaí***; á chreidiúint go mbraitheann cosaint leasanna airgeadais an Aontais ar urraim don smacht reachta ***agus do chearta bunúsacha, lena n-áirítear cearta na mban*** ar an leibhéal náisiúnta; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, tionchar dearfach an Rialacháin maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i gcásanna sáruithe sistéamacha agus leanúnacha ar an smacht reachta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle an rialachán a chur i bhfeidhm go docht, go comhsheasmhach agus gan moill mhíchuí nuair is gá; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór cinntí maidir le cistiú an Aontais a chur ar fionraí nó a laghdú mar gheall ar sháruithe ar an smacht reachta a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus nach mór nach mbeidh breithnithe eile mar threoir acu, ná nach mbeidh siad mar thoradh ar chaibidlíocht;

Leasú 102

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 48 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	48a. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle Airteagal 15(1) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le

	Rialachán na bhForálacha Coiteanna maidir le coinníollacha cumasúcháin cothrománacha a fhorfheidhmiú agus a úsáid ina iomláine; agus a ráthú go n-áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún, i gcur chun feidhme na gCistí, urraim do chearta bunúsacha agus comhlíonadh Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, comhionannas idir fir agus mná agus príomhshruthú inscne, gach cineál idirdhealaithe a chosc, agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, i gcomhréir le prionsabail chothrománacha Airteagal 9 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna;

Leasú 103

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 49

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
49. á chur i bhfios go bhfuil gá le nasc láidir idir an smacht reachta agus buiséad an Aontais tar éis 2027 agus á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún naisc a neartú idir na moltaí sa tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta agus rochtain ar chistí tríd an mbuiséad; á iarraidh ar an gCoimisiún a leagan amach, sa tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta ó 2025 ar aghaidh, a mhéid a d'fhéadfadh laigí sainaitheanta i gcórais an smachta reachta buiséad an Aontais a chur i mbaol; welcomes, furthermore, the link between respect for Union values and the implementation of the budget and calls on the Commission to actively monitor Member States' compliance with this principle;	49. á chur i bhfios go bhfuil gá le nasc láidir idir an smacht reachta ***agus cearta bunúsacha,*** agus buiséad an Aontais tar éis 2027 agus á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún naisc a neartú idir na moltaí sa tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta agus rochtain ar chistí tríd an mbuiséad; á iarraidh ar an gCoimisiún a leagan amach, sa tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta ó 2025 ar aghaidh, a mhéid a d'fhéadfadh laigí sainaitheanta i gcórais an smachta reachta buiséad an Aontais a chur i mbaol; welcomes, furthermore, the link between respect for Union values and the implementation of the budget and calls on the Commission to actively monitor Member States' compliance with this principle;

Leasú 104

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 53

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
53. á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, nach mór don chéad CAI eile a áirithiú, ar bhonn uilechoiteann, go saothrófar cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta le cláir chaiteachais, go ndéanfar cearta agus comhdheiseanna do chách a chur chun cinn agus a chosaint, ***lena n-áirítear comhionannas*** inscne, go dtacófar leis an iomaíochas agus go dtreiseofar ullmhacht an Aontais i gcoinne bagairtí;	53. á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, nach mór don chéad CAI eile a áirithiú, ar bhonn uilechoiteann, go saothrófar cuspóirí aeráide***, truaillithe nialasaigh*** agus bithéagsúlachta le cláir chaiteachais, go ndéanfar cearta ***bunúsacha*** agus comhdheiseanna do chách a chur chun cinn agus a chosaint, ***le gealltanas daingean do chomhionannas*** inscne ***a chur chun cinn agus a fheabhsú***, go dtacófar leis an iomaíochas agus go dtreiseofar ullmhacht an Aontais i gcoinne bagairtí;

Leasú 105

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 54

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
54. á chur i bhfios gur fearr is féidir príomhshruthú éifeachtach a bhaint amach trí bhosca uirlisí beart, go príomha trí cheapadh beartais, measúnuithe tionchair críochnúla agus rianú láidir ar chaiteachas agus, i gcásanna sonracha, spriocanna caiteachais;	54. á chur i bhfios gur fearr is féidir príomhshruthú éifeachtach a bhaint amach trí bhosca uirlisí beart, go príomha trí cheapadh beartais, measúnuithe tionchair críochnúla agus rianú láidir ar chaiteachas agus, i gcásanna sonracha, spriocanna caiteachais; ***á chur i bhfios go láidir gur cheart córais mhonatóireachta agus mheastóireachta a cheapadh chun dearcadh na hinscne a inmheánú, mar shampla trí tháscairí atá ábhartha maidir le hinscne agus táscairí atá íogair ó thaobh inscne a áireamh le haghaidh gach cláir de chuid an Aontais ionas nach ndéanfar bearta comhionannais inscne a íosghrádú sa chéim cur chun feidhme; ag meabhrú ghealltanas an Choimisiúin chun Aontas Eorpach comhionannais a bhaint amach;***

Leasú 106

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 55

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
55. á chur in iúl gur geal léi forbairt modheolaíochta chun caiteachas inscnebhunaithe a rianú agus á mheas gur cheart na ceachtanna a foghlaimíodh a chur i bhfeidhm sa chéad CAI eile; á chur i bhfáth, ar an gcaoi chéanna, gur gá feabhas suntasach a chur ar mhodheolaíochtaí príomhshruthaithe aeráide agus bithéagsúlachta;	55. á chur in iúl gur geal léi forbairt modheolaíochta chun caiteachas inscnebhunaithe a rianú agus á mheas gur cheart na ceachtanna a foghlaimíodh a chur i bhfeidhm sa chéad CAI eile ***lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar bhearnaí maidir le bailiú sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne agus na critéir scórála a shoiléiriú***; ***á athdhearbhú gur gá imeacht ó chéim 'rianú amháin' go buiséadú inscne iomlán; á chur i bhfáth go láidir nach mór buiséadú inscne a chomhtháthú go córasach i mbuiséad an Aontais chun a áirithiú go rannchuidíonn leithdháiltí airgeadais le comhionannas inscne a chur chun cinn; ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach cur chuige buiséadaithe inscne a chomhtháthú i gcolúin, ionstraimí cistiúcháin agus línte buiséid uile an chéad CAI eile, chun a áirithiú go rannchuidíonn siad uile go gníomhach le spriocanna comhionannais inscne ón bpleanáil agus ón leithdháileadh go dtí faireachán ar acmhainní airgeadais; á iarraidh go gcuirfí chun feidhme measúnuithe tionchar inscne éigeantacha ar fud na línte buiséid agus na gclár caiteachais uile chun a n-éifeachtaí ar chomhionannas inscne a mheas***; á chur i bhfáth, ar an gcaoi chéanna, gur gá feabhas suntasach a chur ar mhodheolaíochtaí príomhshruthaithe aeráide agus bithéagsúlachta;

Leasú 107

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 55 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	55a. á iarraidh go ndéanfaí sprioc príomhshruthaithe inscne a fhorbairt

agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go rannchuidíonn an chéad CAI eile le cur chun cinn an chomhionannais inscne mar aon le cuspóirí comhionannais eile ar fud an Aontais agus go seachnaítear aon chúlú ar dhul chun cinn maidir le cearta agus comhionannas laistigh agus lasmuigh den Aontas;

Leasú 108

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 55 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	55b. á thabhairt faoi deara, bunaithe ar an modheolaíocht rianaithe inscne reatha, nár úsáideadh ach 11 % den bhuiséad in 2023 ar idirghabhálacha a bhfuil comhionannas inscne mar phríomhchuspóir nó mar chuspóir tábhachtach d'aon ghnó acu; á chur i bhfios go ndeachaigh 69 % den bhuiséad chuig idirghabhálacha gan aon éifeacht shuntasach ar an gcomhionannas inscne, agus go bhfuil tionchar an 20 % eile de na leithdháiltí buiséadacha ar chomhionannas inscne doiléir fós; á chur i bhfáth go láidir gur gá feabhas a chur ar bhailiú sonraí thar chláir agus idirghabhálacha buiséadacha éagsúla chun cabhrú le héifeachtaí an 20 % den bhuiséad gan mhíniú a shainaithint agus a aicmiú; á chur i bhfáth go láidir go rachaidh tabhairt isteach an bhuiséadaithe inscne ar feadh shaolré iomlán bhuiséad an Aontais chun tairbhe do bhailiú sonraí mar chuid de na ceanglais cistiúcháin agus tacóidh sé lena chur chun feidhme ó thús CAI tar éis 2027;

Leasú 109

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 55 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	55c. á athdhearbhú gur gá modheolaíocht rianaithe inscne an Aontais a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh; á iarraidh go mbunófaí naisc idir na spriocanna atá san áireamh sa straitéis um chomhionannas inscne atá ar na bacáin agus CAI mar phríomhbhealach chun an straitéis a chur chun feidhme; á chur i bhfios go láidir gur gá sonraí inchomparáide atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bhailiú, a thuairisciú agus a mheas ar bhealach níos fearr agus sainmhínithe cothrománacha an Aontais a fhorbairt, chun measúnuithe tionchair inscne a éascú i réimsí beartais an Aontais; á iarraidh go mbeadh modheolaíocht fheabhsaithe ann lenar cheart nach amháin tairbhithe na gcistí a shainaithint, ach acmhainneacht chlaochlaitheach na gclár a shainaithint freisin; á chur i bhfios, sa bhreis ar éifeachtaí dearfacha agus neodracha, go bhféadfadh impleachtaí diúltacha a bheith ag roinnt idirghabhálacha buiséadacha ar an gcomhionannas inscne, cosúil le gníomhaíocht ar son na haeráide; á chur i bhfáth go láidir nach ndéantar foráil sa mhodheolaíocht rianaithe buiséid atá ann faoi láthair d'aon chatagóir le haghaidh cásanna den sórt sin, rud nach gceadaíonn measúnú oibiachtúil ar staid na himeartha maidir le buiséadú inscne san Aontas Eorpach;

Leasú 110

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 55 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	55d. á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha chun deireadh a chur leis an mbearna pá idir na hinscní laistigh den

	Aontas, lena n-áiritheofaí go mbeidh bearta i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar éagothromaíochtaí pá idir fir agus mná ar fud gach earnála agus aghaidh a thabhairt orthu.

Leasú 111

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 55 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	55e. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le togra reachtach chun catagóir amháin nó níos mó de chuideachtaí atá faoi stiúir ban nó faoi úinéireacht ban a shainiú, a bhfuil tionchar dearfach ar leith acu ar chomhionannas inscne atá nasctha lena n-earcú, am oibre, cúram leanaí ardcháilíochta inacmhainne nó bearta soláthair inscne; á iarraidh go mbeadh pas cuideachta atá fabhrach do chomhionannas inscne roghnach ann mar aon leis an bpas FBM atá beartaithe lena dtabharfaí rochtain fhabhrach ar dheiseanna cistiúcháin;

Leasú 112

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 55 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	55f. á iarraidh go ndéanfaí measúnú tionchair inscne neamhspleách, ina ndéanfar meastóireacht ar thionchar chláir CAI ar chomhionannas inscne; á iarraidh go bhforbrófar coinníollacht ex ante mar ionstraim chun measúnú a dhéanamh ar ullmhacht na mBallstát cistí an Aontais a chur chun feidhme;

Leasú 113

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 57

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
57. á áitiú, tar éis 2027, go ndéanfar acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus foirne a leithdháileadh ón tús ionas gur féidir le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais dearadh, seachadadh agus forfheidhmiú beartais atá éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú, leanúint leis na daoine is fearr ó na Ballstáit uile a mhealladh, agus ar an gcaoi sin cothromaíocht gheografach a áirithiú, agus go mbeidh saoirse acu dul in oiriúint do dhálaí atá ag athrú;	57. á áitiú, tar éis 2027, go ndéanfar acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus foirne a leithdháileadh ón tús ionas gur féidir le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais dearadh, seachadadh agus forfheidhmiú beartais atá éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú, ***ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon,*** leanúint leis na daoine is fearr ó na Ballstáit uile a mhealladh, agus ar an gcaoi sin cothromaíocht gheografach a áirithiú, agus go mbeidh saoirse acu dul in oiriúint do dhálaí atá ag athrú; ***á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé rialacha a chosaint, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú lena gcosnaítear sláinte phoiblí agus sláinte na mban agus na gcailíní, ar an ngéarchéim thriarach a bhaineann le hathrú aeráide, le caillteanas bithéagsúlachta agus le truailliú;***

Leasú 114

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 57 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	57a. á thabhairt chun suntais go bhfuil soláthar oiliúna príomhshruthaithe inscne a chuirtear ar fáil d'oifigigh de chuid an Choimisiúin san Institiúid Ollscoile Eorpach ríthábhachtach chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí comhionannais an Aontais; á iarraidh go leathnófaí an oiliúint leis an bhféidearthacht oiliúint a thairiscint d'oifigigh Pharlaimint na hEorpa agus na ngrúpaí polaitiúla;

Leasú 115

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 57 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	57b. á mheabhrú go bhfuil ról tábhachtach ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) maidir le príomhshruthú inscne agus méid agus cúiseanna an neamhionannais inscne a dhéanann difear do mhná ina n-éagsúlacht uile san Aontas a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe i gcomhthéacs na frithfhreagartha in aghaidh chearta na mban agus géarchéimeanna a bhaineann le coinbhleacht, géarchéimeanna eacnamaíocha agus géarchéimeanna sláinte agus trasnachas á chur san áireamh; á mheabhrú go raibh saincheisteanna leanúnacha roimh EIGE maidir le tearclíon foirne, ar saincheisteanna iad a chuaigh in olcas a thuilleadh mar gheall ar an méadú géar ar iarrataí ar chúnamh teicniúil mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt do phríomhshruthú inscne i mbeartais agus i dtionscnaimh uile an Aontais i Straitéis an Aontais um Chomhionannas Inscne 2020-2025; ag cur a hiarrata i dtábhacht go ndeonófar an buiséad agus na leithdháiltí foirne do EIGE, lena n-áirítear 7 ngníomhaire shealadacha, agus méadú ar a Phlean Bunaíochta chun foráil a dhéanamh maidir le foireann reachtúil a earcú, foireann a bhfuil gá léi chun an méadú suntasach ar an ualach oibre a láimhseáil, lena n-áirítear cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a bheartaítear sa straitéis athnuaite um chomhionannas inscne agus na cúraimí nua a shanntar dó maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais amhail an Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, an Treoir maidir

	le Cothromaíocht Inscne ar Bhoird, an Treoir maidir le trédhearcacht pá agus an Treoir maidir le Caighdeáin do Chomhlachtaí Comhionannais; á mheabhrú go n-iarrtar sa dara meastóireacht sheachtrach de chuid EIGE go ndéanfaí acmhainní EIGE a athneartú go struchtúrach agus go ndéanfaí athbhreithniú ar a Rialachán Bunaitheach chun ionadaíocht iomlán na mBallstát a áirithiú ar a Bhord Bainistíochta, go mbunófar Bord Feidhmiúcháin agus go ndéanfaí athchóiriú iomlán ar a Chomhlacht Comhairleach;

Leasú 116

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 59

Tairiscint i gcomhair rúin	*Téacs gan athrú atá mar chuid den chomhréiteach*
59. á chur i bhfáth gur féidir le hinfheistíocht tosaigh i mbonneagar idir-inoibritheach TF agus i mianadóireacht sonraí coigilteas costais níos fadtéarmaí a ghiniúint agus feabhas ollmhór a chur ar sheachadadh beartais agus ar rianú caiteachais;	59. á chur i bhfáth gur féidir le hinfheistíocht tosaigh i mbonneagar idir-inoibritheach TF agus i mianadóireacht sonraí coigilteas costais níos fadtéarmaí a ghiniúint agus feabhas ollmhór a chur ar sheachadadh beartais agus ar rianú caiteachais;

Leasú 117

Tairiscint i gcomhair rúin
Fo-cheannteideal 1

Tairiscint i gcomhair rúin	*Téacs gan athrú atá mar chuid den chomhréiteach*
Buiséad fadtéarmach le béim athnuaite ar chaiteachas	Buiséad fadtéarmach le béim athnuaite ar chaiteachas

Leasú 118

Tairiscint i gcomhair rúin

Fo-cheannteideal 4

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
Slándáil, cosaint agus ullmhacht	***Síocháin,*** slándáil, cosaint agus ullmhacht

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, fuair an rapóirtéir don tuairim ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuairim á hullmhú aige, sular glacadh i gcoiste í:

Eintiteas agus/nó duine
An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)
Comhdháil Leispiach Eorpach (ELC)
Equinox Tionscnamh don Cheartas Ciníoch
Cónaidhm Idirnáisiúnta na Tuismitheoireachta Pleanáilte (CITP)
Fóram Parlaiminteach na hEorpa um Chearta Gnéis agus Atáirgthe (EPF)
Cuir deireadh le Líonra Eorpach FGM (ENDFGM)
Lárionad um Chearta Atáirgthe (CFRR)
FPEanna do Chearta Gnéis agus Atáirgthe
ECFE – Nicole Scherie
Ollscoil Fhlórans
an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)
Comhairle Náisiúnta Eagraíochtaí Ban na Gearmáine (Deutscher Frauenrat)
Ardán Fiontraíochta na mBan (WEP)

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do), a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	9.4. 2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 20 –: 15 0: 3
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlani, Irmhild Boßdorf, Mélissa Camara, Margarita de la Pisa Carrión, Valérie Devaux, Elisabeth Dieringer, Rosa Estaràs Ferragut, Viktória Ferenc, Gabriela Firea, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Chiara Gemma, Assita Kanko, Arba Kokalari, Elena Kountoura, Sebastian Kruis, Judita Laššáková, Maria Noichl, Mirosława Nykiel, Giusi Princi, Emma Rafowicz, Joanna Scheuring-Wielgus, Benedetta Scuderi, Laurence Trochu, Marko Vešligaj, Maria Walsh, Lucia Yar, Dainius Žalimas
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Hanna Gedin, Catherine Griset, Elisabeth Grossmann, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Anna Strolenberg
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Georgios Aftias, Lynn Boylan, Valérie Deloge, Lena Düpont, Dimitris Tsiodras

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

20	+
EPP	Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Mirosława Nykiel, Maria Walsh
Renew Europe	Abir Al-Sahlani, Lucia Yar, Dainius Žalimas
An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa	Gabriela Firea, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Elisabeth Grossmann, Maria Noichl, Emma Rafowicz, Joanna Scheuring-Wielgus, Marko Vešligaj
An Chlé	Lynn Boylan, Hanna Gedin, Elena Kountoura
Na Glasaigh/ALE	Mélissa Camara, Benedetta Scuderi, Anna Strolenberg

15	-
ECR	Chiara Gemma, Assita Kanko, Laurence Trochu
ESN	Irmhild Boßdorf
NI	Judita Laššáková
EPP	Georgios Aftias, Lena Düpont, Rosa Estaràs Ferragut, Dimitris Tsiodras
TdE	Valérie Deloge, Elisabeth Dieringer, Viktória Ferenc, Catherine Griset, Sebastian Kruis, Margarita de la Pisa Carrión

3	0
EPP	Arba Kokalari, Giusi Princi
Renew Europe	Valérie Devaux

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : I gcoinne
0 : staonadh ó vótáil